# Fís na Scoile

Naíscoil & Scoil an Droichid

Leagan 1: 2025

[Comhairliúchán le pobal na scoile fríd PFS 2023-2026]

**Fís**

*“Páistí a chothú, pobal a chruthú”*

---

**Luachanna**

Cúram · Tacaíocht · Pobal Gaelach · Ionchuimsitheach · Iontaofacht · Uaillmhianach · Spraíúil

**Treoraítear ár scoil ag na luachanna seo:**

- **Cúram** – ag tabhairt aire dúinn féin agus dá chéile le cineáltas.
- **Tacaíocht** – ag spreagadh agus ag cuidiú lena chéile chun fás.
- **Pobal Gaelach**– ag ceiliúradh agus ag cur chun cinn ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár gcultúr.
- **Cuimsitheach** – ag fáiltiú roimh gach duine agus ag tabhairt meas cothrom do chách.
- **Iontaofa** – ag tógáil caidrimh bunaithe ar mhacántacht agus ionracas, láithreacht tuilte ag gach duine.
- **Uaillmhianach** – ag súil le ionchais arda agus ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach.
- **Spraoi** – ag cothú áthais, cruthaitheachta agus díograise sa fhoghlaim.

---

**Misean**

Is é ár misean ná hoideachas den scoth a thabhairt do pháistí i dtimpeallacht atá sábháilte, tacúil agus cuimsitheach, áit a spreagtar iad le bheith uaillmhianach, meas a bheith acu ar a bpobal agus a gcultúr Gaelach, agus taitneamh a bhaint as a mbóthar foghlama. Bímid ag obair le teaghlaigh agus leis an phobal níos leithne le foghlaimeoirí muiníneacha, freagracha agus sona a chothú. Treoraíonn na *Sé Phrionsabal Cothaithe*, taobh lenár luachanna, muid i dtreo ár bhfís a bhaint amach

***“páistí a chothú...”***

Sa scoil seo, táimid tiomanta do ***pháistí a chothú*** ionas go bhfásfaidh siad:

- Go hacadúil – le scileanna foghlama agus smaointeoireachta
- Go sóisialta – le muinín, cineáltas agus comhoibriú

- Go mothúchánach – le seasmhacht agus folláine
- Go cultúrtha – le bród as a bhféiniúlacht agus a n-oidhreacht
- Go cruthaitheach – trí shamhlaíocht agus fiosracht
- Go morálta – le tuiscint ar cheartas agus ionracas

***"…pobal a chruthú"***

Táimid ag ***cruthú pobail*** ina bhfuil:

- An Ghaeilge á labhairt agus á ceiliúradh gach lá
- Páistí ag mothú go bhfuil siad i dteaghlach, le cairdeas agus áthas
- Teaghlaigh fáilteach agus páirteach
- Gach guth á chloisteáil agus á mheas
- Foghlaim, gáire agus fás ag tarlú le chéile

Déanaimid é seo trí mhúineadh den scoth, caidrimh láidre agus luachanna dearfacha a chleachtadh gach lá.

---

**Aidhmeanna**

Ag leanúint lenár bhfís agus ár misean, tá sé d'aidhm againn:

1. Curaclam leathan agus cothrom a sholáthar a spreagann fiosracht, uaillmhian agus éachtaí.
2. Cúram agus tacaíocht láidir a thabhairt do leas, forbairt agus foghlaim gach páiste.
3. Ár bhféiniúlacht, cultúr agus teanga Ghaelach a cheiliúradh agus a chur chun cinn i saol na scoile.
4. Cuimsiú, cothromas agus meas a chinntiú ionas go mothaíonn gach páiste go bhfuil luach acu. Tá sé mar aidhm againn struchtúir agus cultúir a chruthú ionas go n-aithnítear gach páiste, go dtugtar aitheantas daofa, go bhfuil áit acu agus go dtig leo páirt iomlán a ghlacadh i bhfoghlaim agus i saol na scoile.
5. Timpeallacht scoile atá iontaofa, sábháilte agus dearfach a chruthú.
6. Páistí a spreagadh le bheith ina mbaill mhuiníneacha, fhreagracha agus sheasmhacha den phobal.
7. Deiseanna a chruthú do spraoi, lúcháir agus cruthaitheacht san fhoghlaim gach lá.

(Eolas do na daltaí)

## Ár Spriocanna Scoile

**1. Tugaimid aire dá Chéile**
**2. Déanaimid ár ndícheall**
3. **Labhraímid Gaeilge**
4. **Cuirimid fáilte roimh chách**
5. **Bímid ionraic agus cothrom**
6. **Leanaimid ar aghaidh**
7. **Bíonn spraoí againn**

Déanfar na spriocanna scoile a phlé leis na daltaí ar an dóigh seo a leanas....

1. **Tugaimid aire dá chéile –** táimid cineálta, cuidiúil agus tugaimid aire do gach duine.
   **Déanaimid ár ndícheall –** oibrímid go dian, bímid uaillmhianach agus creidimid gur féidir linn rudaí iontacha a bhaint amach.
2. **Labhraímid Gaeilge–** bainimid brodúil as ár dteanga, ár gcultúr agus ár dtraidisiúin a fhoghlaim.
3. **Cuirimid fáilte roimh chách –** fáiltímid roimh gach duine agus léirímid meas ar a chéile.
4. **Bímid ionraic agus cothrom –** insímid an fhírinne agus déanaimid roghanna maithe.
5. **Leanaimid ar aghaidh – t**á muid muiníneach, seasaimh agus foghlaimímid ó mheancóga.
6. **Bímid spraoi againn –** bainimid sult as foghlaim, súgradh agus cairdeas gach lá.